Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 18

# Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte

## Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 do thuarastail agus do chostais Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2016, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2015, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €8.09 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Polasaí Stoic***

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Chaiteachais (Vóta 11), Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoic intomhalta TF. Leithdháiltear iad bunaithe ar líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, taifeadtar an caitheamh ar stoc intomhalta TF faoi Vóta 11. Ós rud é, áfach, go meastar an stoc a bheith roinnte, áirítear é sna nótaí costais oibriúcháin do Chuntais Vóta 7, Vóta 11, Vóta 18 agus Vóta 39 agus leithdháiltear é bunaithe ar líon na foirne sna Ranna faoi seach.

***Bunús an táille do sheirbhísí***

Gearrann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille seirbhíse le haghaidh a seirbhíse AD agus riaracháin phinsin. Tá 35% de na costais oibríochtúla leithdháilte ag táille seirbhíse PeoplePoint 2016 ar bhonn pro rata i measc gach comhlachta earnála poiblí a ndéantar freastal air (bunaithe ar líon na bhfostaithe); iompraítear an 65% eile ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Is é an modh táille do sheirbhísí comhroinnte párolla ná trí mheán díchur buiséid phárolla ar bhonn atá neodrach ó thaobh an státchiste de. De réir mar a thagann comhlachtaí earnála poiblí ar bord le haghaidh seirbhísí párolla comhroinnte, cuirtear laghdú gaolmhar buiséid i bhfeidhm i dtaca le Vóta an chustaiméara.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn Seirbhísí Roinnte Náisiúnta ar ann dó ar bhonn riaracháin laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 18.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta. Rinneadh gach caiteachas caipitil de réir threoirlínte ábhartha cé is moite de thionscadal amháin inar sháraigh na costais iarbhír a iompraíodh luach an chonartha go mór.
- Cinntíonn An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ceannacháin agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. Tuairiscíodh socrú amháin (1) maidir le soláthairtí faoi Chiorclán 40/02 ag a raibh luach iomlán €30,000.

***Ábhar faoi bhráid – Ró-íocaíochtaí***

Sna cuntais leithreasa 2014 and 2015, tharraing mé aird ar ró-íocaíochtaí ar féidir leo tarlú ar roinnt cúiseanna in aon eagraíocht, cibé an mbeadh sí san earnáil phríobháideach nó san earnáil phoiblí. Áiríonn siad sin, ach níl siad teoranta dóibh, moill ó thaobh asláithreachtaí a bhfuil tionchar acu ar phá a chur i bhfeidhm, a cheadú nó a phróiseáil, lena n-áirítear neamhláithreacht bhreoiteachta saoire nó socruithe saoire eile, agus earráidí a tharlaíonn le linn liúntais, párolla nó speansais a bheith á ríomh. Chomh luath agus a thiocfaidh eagraíocht ina custaiméir de PeoplePoint, aistríonn an fhreagracht as na pleananna forchúitimh maidir le haon airgead dlite anonn a chomhaontú agus a phróiseáil anonn go dtí PeoplePoint le cúnamh ón AD áitiúla nuair is gá, cé go ndéanann na comhlachtaí earnála poiblí ábhartha roinnt cásanna oidhreachta a bhainistiú. Leanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, trí PeoplePoint agus Ionad na Seirbhísí Roinnte Párolla (PSSC) ar aghaidh ag dul i dteagmháil le cliantchomhlachtaí maidir le cásanna ró-íocaíochta a luathaithint agus a thuairisciú.

Tharla iarmhairt nach raibh súil léi nuair an thug Scéim Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí, a laghdaíonn tairseacha agus a bhfuil thart ar €50 milliún sábháilte aici in aghaidh na bliana ar fud na hearnála poiblí, ró-íocaíochtaí 'chun tosaigh'. Bhog an tairseach a bhfuil tionchar aige ar phá ó sé mhí go dtí trí mhí, rud a chiallaigh gur laghaíodh faoina leath an t-am ina bhféadfaí ró-íocaíocht tarlú, a fhágann go bhféadfadh fostaithe tairseacha saoire bhreoiteachta íoctha a bhaint amach dhá uair chomh tapa. Is gá an próiseas párolla a thabhairt chun críche roimh dheireadh na tréimhse pá chun íocaíocht dhéanach an tuarastail a sheachaint. Bhí tionchar suntasach aige sin ar an luach ró-íocaíochtaí laistigh den chóras.

Ó bhí go luath i 2016 ann, chuaigh líon na bhfostaithe a ndéanann PeoplePoint freastal orthu i méid faoi 4,400 to 34,500. D´fhan líon na gcásanna nua ró-íocaíochta, ag thart ar 450 in aghaidh na míosa, ag an leibhéal céanna mar gheall go príomha ar roinnt idirghabhálacha a aithníodh ag an ngrúpa oibre ró-íocaíochta agus a cuireadh i bhfeidhm trí athraithe polasaí agus teicneolaíochta.

Ciallaíonn easpa eolais stairiúil láraithe (roimh PeoplePoint) maidir le ró-íocaíochtaí laistigh de bhonn custaiméara PeoplePoint atá ann cheana féin go bhfuil líon agus luach na ró-íocaíochtaí roimhe sin deacair a dhéanamh amach go cruinn. Lena chois sin, cé go bhfuil aistriú na gcliant go PeoplePoint beagnach críochnaithe, tá haistrithe fós le tarlú le linn 2017 isteach in Ionad na (PSSC). Dá bhrí baineann na luachanna arna dtagairt sa nóta seo leis na comhlachtaí san earnáil phoiblí sin atá á seirbhísiú faoi láthair ag PeoplePoint nó ag PSSC.

Don bhliain féilire go dtí 31 Nollaig, 2016, aithníodh ró-íocaíochtaí dar luach €4,405,335 (5481 cás). Bhí cuid acu sin ann roimh 2016.

Dúntar cásanna ar roinnt cúiseanna – mar shampla, cuireadh pleananna forchúitimh i bhfeidhm, nó atreoraíodh cás ar ais chuig an earnáil phoiblí ábhartha chun é a bhainistiú. Le linn na bliana dúnadh 5,200 cás le ró-íocaíochtaí ar luach €4.3 milliún, lena n-áirítear 780 cás nár bhain aon luachanna leo. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 1378 cás le luach €2.8m á leanúint suas i gcomhar le haonaid rannacha AD áitiúla agus bhí 603 cás eile taifeadtha ag feitheamh le luach.

Bhailigh an PSSC (an t-ionad pá ábhartha laistigh den NSSO) €1.9 milliún trí phárollaí rannacha a ndéanann sé seirbhísiú orthu.

Leanann bainistíocht NSSO agus tionóladh an grúpa oibre tras-roinne ró-íocaíochtaí chun scrúdú a dhéanamh ar an gceist de bheith ag obair ar idirghabhálacha i bpolasaí, próiseas agus teicneolaíocht a aithint a mbeidh d'éifeacht acu ar mhinicíocht na ró-íocaíochtaí agus an ar an am a ghlacann sé ró-íocaíocht a forchúiteamh.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte

24 Marta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar nithe ag eascairt as an iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 10 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 13, Oifig na nOibreacha Poiblí.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Méan Fomhair 2017

# Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Programme expenditure** | | | | | |
| A | Oifig náisiúnta um sheirbhísí roinnte | | | | |
| | *Soláthar Bliantúil Reatha* | 42,690 | | | |
| | *Suim iarchurtha le tabhairt suas* | 1,248 | | | |
| | | | 43,938 | 36,405 | 26,183 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar Bliantúil Reatha* | 42,690 | | | |
| | *Suim iarchurtha le tabhairt suas* | 1,248 | | | |
| | | | **43,938** | **36,405** | **26,183** |
| | *Asbhain* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **4,780** | **5,338** | **4,193** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar Bliantúil Reatha* | 37,910 | | | |
| | *Suim iarchurtha le tabhairt suas* | 1,248 | | | |
| | | | **39,158** | **31,067** | **21,990** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 8,091,142 | 18,040,605 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | _ | (1,248,000) |
| Farasbarr le Géilleadh | 8,091,142 | 16,792,605 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 22,950 | 19,306 | 15,417 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 95 | 83 | 67 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,005 | 812 | 586 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,070 | 559 | 195 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,610 | 2,728 | 3,081 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 635 | 362 | 202 |
| | | 30,365 | 23,850 | 19,548 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

| | Nóta | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | | 12,555 | 6,635 |
| Pá | | | 19,306 | 15,417 |
| Neamhphá | | | 4,544 | 4,131 |
| **Ollchaiteachas** | | | **36,405** | **26,183** |
| *Asbhain* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **5,338** | **4,193** |
| **Glanchaiteachas** | | | **31,067** | **21,990** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | | (6,368) | | |
| Dímheas | | 4,718 | | |
| | | | (1,650) | 3,213 |
| **Athraithe sna sócmhainní i mbun forbartha** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | (5,824) | (3,816) |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | 746 | | |
| Méadú stoic | | 3 | | |
| | | | 749 | (907) |
| **Caiteachas díreach** | | | **24,342** | **20,480** |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara | 1.1 | | (8,498) | (1,877) |
| Measchíosanna (neamh-airgead tirim) | | | 302 | 151 |
| **Costas glan clár** | | | **16,146** | **18,754** |

**1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara**

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 18 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | m | 198 | 194 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | | 5 | 1 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 922 | 1,033 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí roinnte do vótaí eile | | (9,623) | (3,105) |
| | | (8,498) | (1,877) |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 14,729 | 11,535 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 12,809 | 8,439 |
| | | **27,538** | **19,974** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 20,118 | 17,528 |
| Stoic | 2.5 | 15 | 18 |
| Réamhíocaíochtaí | | 545 | 1,288 |
| Ioncam fabhraithe | | – | 71 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 150 | 252 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **20,828** | **19,157** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 167 | 236 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,792 | 720 |
| Maoiniú/iarmhéideanna réamhíocaíochta na gcliant | 2.9 | 17,294 | 15,804 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 1,182 | 1,255 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **20,435** | **18,015** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **393** | **1,142** |
| **Glansócmhainní** | | **27,931** | **21,116** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **27,931** | **21,116** |

| **2.1 Cuntas um maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 21,116 | 19,871 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 39,158 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (8,091) | | |
| Vóta glan | | | 31,067 | 21,990 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | (8,498) | (1,877) |
| Míreanna neamhairgid – sócmhainní agus dímheas caipitil – aistriú ó OSR | | | 47 | — |
| Míreanna neamhairgid – sócmhainní agus dímheas caipitil – aistriú go OSR | | | (36) | — |
| Caiteachas neamh-airgid – CAUD coigeartú agus dímheas | | | 79 | — |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 302 | 151 |
| Costas glan clár | 1 | | (16,146) | (18,754) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **27,931** | **21,116** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 15,199 | 486 | 77 | 15,762 |
| Breiseanna | 7,881 | 20 | — | 7,901 |
| Sócmhainní aistrithe ón OGP | 79 | — | — | 79 |
| Sócmhainní aistrithe chuig OGP | (36) | — | — | (36) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 23,123 | 506 | 76 | 23,705 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 4,070 | 128 | 29 | 4,227 |
| Dímheas don bhliain | 4,652 | 51 | 15 | 4,718 |
| Dímheas ar shócmhainní aistrithe | 32 | — | — | 32 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 8,754 | 179 | 44 | 8,977 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **14,369** | **327** | **33** | **14,729** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **11,129** | **358** | **48** | **11,535** |

[a]Aistríodh trealamh TF idir an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnó.

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| | Feidhmeanna ríomhaire inmheánacha | |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | 8,439 | 17,021 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 5,824 | 3,816 |
| Aistrithe chuig sócmhainní caipitil | (1,533) | (12,398) |
| Coigeartú | 79 | — |
| Suimeanna a tugadh ar aghaidh | 12,809 | 8,439 |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 2,824 | 1,724 |
| Orduithe gan íoc | 17,294 | 15,804 |
| | 20,118 | 17,528 |

**2.5 Stoic**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 4 | 7 |
| Ábhair inchaite TF | 11 | 11 |
| | 15 | 18 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Scéim Phas Taistil | 67 | — |
| Tuarastail In-Fhorchúitithe | 6 | 9 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 77 | 243 |
| | 150 | 252 |

| **2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| CBL | — | — |
| Cáin Ioncaim | 217 | 178 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 245 | 181 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 1,074 | 142 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 70 | 58 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 3 | 3 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 70 | 72 |
| | 1,679 | 634 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 113 | 86 |
| | 1,792 | 720 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 8,091 | 16,792 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | — | 1,248 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (6,909) | (16,785) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,182 | 1,255 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 20,118 | 17,527 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 150 | 252 |
| | 20,268 | 17,779 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,679) | (634) |
| Maoiniú/iarmhéideanna réamhíocaíochta na gcliant | (17,294) | (15,804) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (113) | (86) |
| | (19,086) | (16,524) |
| | | |
| | 1,182 | 1,255 |

**2.9 Cuntas Bainc Párolla arna Maoiniú ag an gCliant**

Soláthraíonn na Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte feidhm seirbhíse comhroinnte párolla do roinnt rann/oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. Ba é iarmhéid an chuntais seo ná €17,294,408 ag 31 Nollaig 2016, iomlan de seo ná airgead a rinneadh a lóisteáil ag na hoifigí cliaint seo le maoiniú a chlúdach do thuarastail thar thréimhse na bliana úire.

| **2.10 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 2,235 | 4,418 |
| Tionscadail Chaipitil | 33,955 | — |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 36,190 | 4,418 |

**b) Mórcheangaltas Caipitil**

| | **Caiteachas carnach suas go 31 Nollaig 2015** | **Caiteachas i 2016** | **Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin** | **Saolré ionchais chaiteachas iomlán an tionscadail 2016** | **Saolré ionchais chaiteach as iomlán an tionscada il 2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí comhroinnte párolla | 7,145 | 1,466 | 1,761 | 10,373 | 8,745 |
| Financial management shared services | 1,850 | 8,617 | 32,194 | 42,661 | 36,231 |
| | 8,996 | 10,083 | 33,955 | 53,034 | 44,976 |

**Difríochtaí suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos nuair a théann mórcheangaltais chaipitil i méid faoi níos mó ná €500,000 ó 2015 go 2016.

| Tionscadal | Caiteachas iomlán ionchais 2016 | Caiteachas iomlán ionchais 2015 | An méadú bliain ar bhliain | Míniú |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | |
| Seirbhísí roinnte párolla | 10,373 | 8,745 | 1,628 | Tá an méadú mar gheall ar cheangaltais bhreise ag eascairt as athbhreithniú phlean chur i bhfeidhm an tionscadail. |
| Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais | 42,661 | 36,231 | 6,430 | Rinneadh athbhreithniú ar na costais mheasta i 2016 tar éis soláthair seirbhísí a theastaigh chun an tionscadal a fhorbairt i Mí na Nollag 2015 agus tar éis athbhreithnithe ar chostais eile a bhain leis an tionscadal, leithéidí na riachtanais fhoirnithe don Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais, agus áiseanna agus tacaíocht aistrithe do chomhlachtaí seirbhíse poiblí. |

| **2.11 Dliteanais Aibí** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| Ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Meastachán na ndliteanas aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana | 2 | 3 |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar measta** | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **A** | **Oifig náisiúnta um sheirbhísí roinnte** | | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 22,950 | 19306 | | 15,417 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 7,415 | 4,544 | | 4,131 |
| A.3 | People Point Project | | | 600 | 496 | | 2,114 |
| A.4 | Payroll Shared Services Project | | | 2,690 | 2,387 | | 2,251 |
| A.5 | Financial Management Shared Services Project | | | 9,035 | 9,672 | | 2,271 |
| | | *Soláthar na bliana reatha* | 9,035 | | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,248 | 10,283 | 9,672 | | 2,270 |
| | | | | 43,938 | 36,405 | | 26,183 |

**Athraithe suntasacha**

San iomlán bhí luach €7.5 milliún níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó ag baint leis an gcaiteachas maidir leis an gclár. Bhain sin go príomha leis na rudaí seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Pá Riaracháin | 3,644 | D'eascair an farasbarr seo den chuid is mó mar gheall ar an moill a bhain le haistriú foirne chui Seirbhísí Roinnte Pá Rolla chomh maith le moil i soláthar foirne laistigh de sheirbhísí roinnte AD agus aonaid ghnó chorparáideacha |
| Riarachán Neamhphá | 2,871 | Tharla sé seo den chuid is mó mar gheall ar an moill a bhain le haistriú foirne a raibh tionchar aige ar chostais neamhphá chomh maith. Cuireadh moill ar fheistiú oifigí agus iad le tosú go luath in 2017. Bhí moill chomh maith ar íocaíocht chothabháil na gcóras 2017 a bhfuil pátrún íocaíochta athbhreithnithe comhaontaithe ina leith. |
| Tionscadal PeoplePoint | 104 | D'eascair tearc-chaitheamh ar chostais phárolla laistigh den tionscadal, toisc go raibh líon iarbhír na gcomhaltaí foirne níos ísle ná buiséad. |
| Tionscadal Seirbhísí Roinnte Párolla | 303 | D'eascair Seirbhísí Roinnte Párolla ar phárolla €180,000 agus cosnaíonn feistiú Caipitil €130,000, atá ar bun in 2017. |
| Tionscadal de chuid na seirbhísí comhroinnte airgeadais | 611 | Moill maidir le hearcú foirne is mó is cúis leis an tearc-chaitheamh |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 720 | 461 | 598 |
| 2. | Tobhach PeoplePoint | 4,000 | 4,714 | 3,517 |
| 3. | Ilghnéitheach | 60 | 163 | 78 |
| | **Iomlán** | **4,780** | **5,338** | **4,193** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair sheirbhíse poiblí. | 259 | Bhí fáltais níos ísle ná mar a buiséadaithe de bharr tuarastail a bheith á dtearc-chaitheamh go suntasach in 2016 |
| Tobhach PeoplePoint | (714) | D'eascair an fáltas breise seo toisc gur ardaíodh an céatadán a athghearradh leis na PSBana in 2016 |
| Ilghnéitheach | (103) | Tá san áireamh sna fáltais ilghnéitheacha sochar breoiteachta / sochar máithreachais srl, agus dá bharr sin bíonn sé fíordheacair iad a thuar. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 601 | 542 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[a] | 19,226 | 15,825 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 11 | 69 |
| Liúntais eile | 29 | 16 |
| Ragobair | 163 | 83 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,607 | 1,291 |
| Iomarcaíocht | 51 | |
| **Pá iomlán** | **21,087** | **17,284** |

[a] Áirítear san fhigiúr iomlán pá an pá sin atá i bhfo-cheannteidil A.1, A.3, A.4 agus A.5.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 9 | — | 2,811 | 18,056 |
| Liúntais eile | 7 | — | 6,532 | 3,692 |
| Ragobair | 208 | — | 5,343 | 7,014 |
| Luach breise saothair i níos mó ná catagóir amháin. | — | — | — | 3,766 |

**5.2 Íocaíochtaí iomarcaíochta**

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíocha ar luach iomlán €51,393 do bheirt bhall foirne faoin scéim iomarcaíochta deonaí.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €86,500 (121 cás) (2015: €27,200, 26 cás). As sin, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €24,800 (14 cás).

# 6 Ilgnéitheacha

### 6.1 Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí sna Seirbhísí Comhroinnte ag 31 Nollaig 2016

**Seirbhísí Comhroinnte AD - PeoplePoint**

Ombudsman an Gharda Síochána
An Phríomh Oifig Staidrimh
Oifig na Phríomh-Aturnae Stáit
An tSeirbhís Chúirteanna
An Roinn Comhshail, Pobal agus Rialtas Áitiúil
An Roinn Talamhaiocht, Bia agus Mara
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
An Roinn Cosaint
An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Roinn Airgeadais
An Roinn Sláinte
An Roinn Post, Fionta agus Nuálaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (lena n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais, Seirbhísí Roinnte)
An Roinn Coimirce Sóisialaí
An Roinn an Taoiseach
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
An Bord um Cunamh Dlíthiúl
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisiallta
Leabharlann Náistúnta na hÉireann
Oifig na nOibreacha Poiblí
Oifig an Ard-Aighne
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Oifig an Ombudsman
Oifig na gCoimisinéirí Ioncam
Suirbhéireacht Ordanais Éireann
Teaglachas an Uachtaráin
An tÚdarás Cláruchán Maoine
Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí
An tÚdarás Um Shábháilteacht ar Bhóihtre
An Coimisiún na Scrúduithe Stáit
An Saotharlaan Stáit
Oifig Luachála

**Seirbhísí Roinnte Párolla – PSSC**

Garda Síochána (Fórsaí Gharda angus Garda Sibhailtach san áireamh)
An Phríomh Oifig Staidrimh
Oifig na Phríomh-Aturnae Stáit
An tSeirbhís Chúirteanna
Bord Sásamh na Státseirbhíse (REBO)
Bord Athstruchtúrúcháin na gComhar Creidmheasa "REBO"
An Roinn na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghalteacht
An Roinn Comhshail, Pobal agus Rialtas Áitiúil
An Roinn Cosaint
An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Roinn Airgeadais (pinsinéirí PMG san áireamh)
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, (lena n-áirítear Cúnamh Éire)

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus Scoileanna Coinneála Leanaí),
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (lena n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais, Seirbhísí Roinnte)

An Roinn Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
An Roinn an Taoiseach
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
An tÚdarás Um Fhaisnéis Cailiocht Sláinte
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Seirbhís Phríosúin na hÉireann
Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí
An Bord um Cunamh Dlíthiúl
An Chomhairle Náisúnta Curaclaim agus Measúnachta
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisiallta
Leabharlann Náistúnta na hÉireann
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Oifig an Ard-Aighne
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Oifig an Ombudsman
An Uacthtarán agus Teaghlachas an Uachtaráin
An tÚdarás Clárucháin Maoine
An tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí
An Coimisiún na Scrúduithe Stáit
An tSaorthlann Stáit Saotharlaan Stáit